Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2020
(OR. en)

8096/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0064 (NLE)**

**TRANS 217**
**COWEB 65**
**ELARG 40**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hábhair áirithe riaracháin agus foirne agus le bunú rialacha airgeadais le haghaidh an Chomhphobail Iompair |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an…**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hábhair áirithe riaracháin agus foirne agus le rialacha airgeadais le haghaidh an Chomhphobail Iompair a leagan síos**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle (AE) 2017/1937, shínigh an tAontas Eorpach an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ("TCT")[1]. Formheasadh é thar ceann an Aontais an 4 Márta 2019 le Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le TCT d'fhonn TCT a riar agus a chur chun feidhme i gceart. Le TCT, ceanglaítear ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha a ghlacadh maidir le dálaí oibre fhoireann Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, mar aon le cinneadh lena sonrófar an nós imeachta lena gcuirfear an buiséad chun feidme agus lena ndéanfar na cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh.

---

1 Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

2 Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

(3) Tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le cinntí a ghlacadh go luath maidir leis na rialacha taistil d'fhoireann an Chomhphobail Iompair, maidir leis na rialacha maidir le haisíoc speansas arna dtabhú ag daoine ó lasmuigh de Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a fhaigheann cuireadh freastal ar chruinnithe i gcáil saineolaí, agus maidir leis na rialacha airgeadais agus leis na nósanna imeachta um iniúchóireacht is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair.

(4) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Choiste Stiúrtha Réigiúnach, óir tá na cinntí sin riachtanach do dhea-fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair agus beidh siad ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste Stiúrtha Réigiúnach arna bhunú leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, i dtaca leis na rialacha taistil d'fhoireann an Chomhphobail Iompair, i dtaca leis na rialacha maidir le haisíoc na gcostas a thabhaíonn daoine ó lasmuigh de Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a fhaigheann cuireadh freastal ar chruinnithe i gcáil saineolaí, agus i dtaca leis na rialacha airgeadais agus leis na nósanna imeachta um iniúchóireacht is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, beidh sé bunaithe ar na dréachtchinntí comhfhreagracha ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach[1].

Féadfaidh ionadaithe an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú le mionathruithe ar na dréachtchinntí sin gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a nglacfar é.

Arna dhéanamh in/sa…,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

**1** Féach doiciméad ST 8100/20 ag http://register.consilium.europa.eu.